## Comhairliúchán Poiblí maidir le Tosaíochtaí i dtaca le Forbairt Seirbhísí Digiteacha Rialtais

## Fógra Príobháideachais

Baineann an fógra seo le húsáid sonraí pearsanta a d'fhéadfadh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) a bhailiú ar bhonn roghnach mar chuid den phróiseas comhairliúcháin phoiblí maidir le **Tosaíochtaí i dtaca le Forbairt Seirbhísí Digiteacha Rialtais.** Tá sé de cheangal orainn, faoi Airteagal 13 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) go soláthróimid an fhaisnéis seo duit.

**Cén fáth a ndéanaimid do chuid sonraí pearsanta a phróiseáil?**
D'fhonn tuairimí an phobail i gcoitinne agus tuairimí páirtithe leasmhara, a bhféadfadh sé go rachadh an chaoi a ndéantar seirbhísí poiblí a sholáthar ar líne i bhfeidhm orthu, a bhailiú agus a scagadh, tá próiseas comhairliúcháin phoiblí á reáchtáil ag RCPA. Bainfear feidhm as na sonraí a bhaileofar tríd an gcomhairliúchán seo chun na críche sin i gcomhréir le nósanna imeachta dea-chleachtais na Roinne agus le RGCS.

De réir réamhshocraithe, <u>tá an comhairliúchán anaithnid</u> agus ní gá d'aon duine a fhreagraíonn sonraí pearsanta a sholáthar. Baintear feidhm as uirlis darb ainm EUSurvey sa leagan ar líne, rud nach ndéanfaidh aon sonraí pearsanta amhail seoltaí IP a shábháil. Cuirtear i gcuimhne do rannpháirtithe, i roinnt áiteanna, gan aon fhaisnéis phearsanta a d'fhágfadh inaitheanta iad a chur isteach ina gcuid freagraí ar na ceisteanna comhairliúcháin.

Sa cheist deiridh, tugtar an <u>rogha</u> do rannpháirtithe seoladh ríomhphoist a sholáthar sa chás gur mhaith leo go ndéanfadh RCPA teagmháil leo le haghaidh comhrá leantach tar éis dóibh a gcuid tuairimí a chur isteach.

Tá sé de rún ag RCPA, ar mhaithe le trédhearcacht, achoimre ar na freagairtí a fhaigheann sí mar fhreagairt ar an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin. Déanfar sonraí teagmhála ríomhphoist, má roghnaítear iad a chur ar fáil, a fholú, de réir gnáthchleachtais.

Is é an sainmhíniú atá ar shonraí pearsanta "catagóirí speisialta", faoi Airteagal 9(1) den RGCS, gur "sonraí pearsanta a nochtann bunús ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnachta, nó ballraíocht i gceardchumann, agus … sonraí géiniteacha, sonraí bithmhéadracha… lena sainaithneofaí duine nádúrtha, sonraí a bhaineann le sláinte nó sonraí a bhaineann le saol gnéis nó le gnéaschlaonadh duine nádúrtha" iad.

Ní iarrtar sonraí pearsanta catagóirí speisialta mar chuid den chomhairliúchán seo agus ní iarrtar ortsa a leithéid d'fhaisnéis a sholáthar in aon cheann de na freagairtí. Má roghnaíonn tú, go fóill féin, sonraí pearsanta catagóirí speisialta a chur ar fáil i d'aighneacht, déanfar iad a phróiseáil chun iad a mheas. Má thoilíonn tú seoladh ríomhphoist a chur ar fáil, déanfar teagmháil leat sula bhfoilseofar aon sonraí pearsanta catagóirí speisialta a bhféadfadh sé iad a bheith san aighneacht agat.

Seachas sin, ba cheart glacadh leis go bhféadfar gach ábhar atá san aighneacht agat, lena n-áirítear sonraí pearsanta, a fhoilsiú chun críche trédhearcachta gan aon teagmháil bhreise a dhéanamh leat. Má mheasann tú nár cheart aon chuid de d'aighneacht a fhoilsiú, iarrtar ort tagairt shoiléir a dhéanamh di agus achoimre ghairid ar do chuid fáthanna a leagan amach. Más

rud é gur chuir tú ábhar imní in iúl i dtaca le foilsiú d’aighneachta, ina hiomláine nó páirt di, déanfar teagmháil leat i dtaca leis seo sula bhfoilseofar aon chuid den aighneacht.

| Cén bonn dleathach ar a bpróiseálaimid do chuid sonraí pearsanta? | Ár mbonn Dleathach chun Próiseáil a dhéanamh faoin RGCS. |
|---|---|
| **I gcás aon sonraí pearsanta a roghnaíonn tú a chur ar fáil i d’aighneacht, bíonn gá le próiseáil chun tasc a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údarás oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir**<br>Airteagal 6(1)(e) RGCS<br>Alt 38 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 | Cinnteoidh an fhaisnéis seo go léireoidh an comhairliúchán tuairimí na bpáirtithe agus na n-earnálacha ábhartha a bhféadfadh sé tionchar díreach a bheith ag an gcaoi a ndéantar seirbhísí poiblí a sholáthar ar líne orthu. |
| **Cé nach n-iarrtar iad, i gcás aon chatagóirí speisialta de shonraí pearsanta a roghnaíonn tú a chur ar fáil i d’aighneacht, bíonn gá le próiseáil ar chúiseanna a bhaineann le leas suntasach an phobail**<br>Airteagal 9 (2)(g) RGCS | De bhreis ar na bunúis dhleathacha thuas, is féidir go ndéanfar sonraí pearsanta catagóirí speisialta a phróiseáil de bhun Airteagal 9(2)(g).<br>Ag brath ar nádúr na sonraí catagóirí speisialta a roghnaíonn tú a sholáthar (cé nach n-iarrtar iad), d’fhéadfadh sé go mbeadh forálacha eile i bhfeidhm freisin, mar shampla, Airteagal 9(2)(e) den RGCS i dtaca le sonraí catagóirí speisialta “ar léir go mbeifeá tar éis iad a dhéanamh poiblí”. |

| Cé na sonraí pearsanta a dhéanaimid a phróiseáil? | Catagóirí Sonraí Pearsanta |
|---|---|
| **Sonraí aitheantais pearsanta** | **Sonraí i dtaca le ceangal le heagras, fiontar, grúpa abhcóideachta srl. faoi leith** |
| **Sonraí eolas teagmhála** | (Roghnach) seoladh ríomhphoist |
| **Aon fhaisnéis eile a dheonaíonn tú a roinnt linn** | (Roghnach) Sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil san aighneacht |

**Stóráil agus coinneáil sonraí**
Coinneoimid do chuid sonraí pearsanta de réir mar is gá, d'fhonn na cuspóirí ar bailíodh iad lena n-aghaidh a chomhlíonadh. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí ábhar a sholáthraítear a chartlannú in am trátha i gcomhréir le forálacha an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986. Fanfaidh sonraí aitheantais, mar aon leis an aighneacht féin, ar shuíomh gréasáin RCPA, go ceann tréimhse réasúnta ama chun oscailteacht, trédhearcacht agus grinnscrúdú poiblí iomchuí a éascú tar éis chur i gcrích an phróisis athbhreithnithe.

**Cearta sonraí iarratasóra**
Tá cearta agat faoin dlí um chosaint sonraí maidir leis an gcaoi a n-úsáidimid do chuid faisnéise pearsanta. Tá sé de cheart agat, saor in aisce:

- Rochtain ar nó cóip de na sonraí pearsanta a choinnítear i do leith a iarraidh. Is féidir é seo a dhéanamh trí theagmháil a dhéanamh leis an Roinn leis na sonraí teagmhála thíos agus Foirm Iarrtha Rochtain ar Ábhar a chomhlánú.
- Aon sonraí pearsanta míchruinne a choinnítear i do leith a chur ina gceart.
- Srian a chur le próiseáil do chuid sonraí pearsanta faoi chúinsí áirithe.
- A iarraidh go ndéanfaí sonraí pearsanta a scriosadh faoi chúinsí áirithe.
- Cur in éadan próiseáil sonraí pearsanta faoi chúinsí áirithe.
- Gan a bheith faoi réir cinneadh atá bunaithe ar phróiseáil uathoibrithe amháin sa chás ina mbeadh tionchar dlíthiúil ag an gcinneadh sin ort nó ina mbeadh tionchar suntasach eile aige ort. Ní thiocfaidh do chuid sonraí pearsanta a sholáthraítear mar chuid den phróiseas seo faoi réir cinntí uathoibrithe dá leithéid seo.

**Cad é a tharlóidh mura mbím ag iarraidh mo chuid Sonraí Pearsanta a chur ar fáil?**
Níl aon oibleagáid ort do chuid sonraí pearsanta a chur ar fáil dúinn. Is faoi do lánrogha féin atá sé an méid sonraí pearsanta ba mhaith leat a chur san áireamh i d'aighneacht, más mian leat sin a dhéanamh ar chor ar bith.

**Sonraí Teagmhála:**
Is í RCPA an rialaitheoir sonraí maidir leis an gcomhairliúchán poiblí seo.
Is féidir aon cheisteanna maidir le húsáid do chuid sonraí pearsanta mar chuid den phróiseas seo a chur chuig Oifigeach Cosanta Sonraí na Roinne ag dataprotection@per.gov.ie.
Más mian leat gearán a dhéanamh faoi úsáid do chuid sonraí pearsanta, is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí (CCS). Tá tuilleadh sonraí ar fáil ag www.dataprotection.ie